


# An Cogadh san Úcráin

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin nuacht is déanaí san Úcráin. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoi na scéalta is déanaí leis an duine in aice leat.



## Ceist 2

An bhfuil Gaeilge agat ar na focail agus ar na frásaí seo a leanas a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte, féachaigí san fhoclóir.

The President of the United States:	_____
chemical weapons:	_____
fierce invasion:	_____
MPs:	_____
sanctions:	_____
ordinary people:	_____
under siege:	_____
humanitarian aid:	_____
food:	_____
The Russian Navy:	_____
steadfastness:	_____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

## Ceist 3

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceistanna seo:

1. Cad a dúirt Joe Biden faoi Vladimir Putin?
2. Cad a dúirt an tUachtarán Zelensky le Feisirí Pharlaimint na hIodáile?
3. Cad atá na hÚcránaigh ag impí ar an Rúis a dhéanamh?

4. Cén t-eolas a thugtar dúinn faoi na cathracha seo a leanas: Mariupol, Kharkiv agus Odessa?
5. Cé hé António Guterres?

Cad iad na freagraí a bhí ag an duine in aice leat?

#### Ceist 4

An séimhiú

Féach ar an sliocht thíos ón script. Tá sé shéimhiú agus trí urú ar lár. Lín isteach anois iad.

Tá sé beagnach mí ó tosaigh ionradh fíochmhar na Rúise ar an Úcráin. Agus é ag labhairt le Feisirí i Parlaimint na hIodáile, dúirt Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelensky, gur gearr go dtiocfaidh an Úcráin as an cogadh. Ach, thug sé foláireamh freisin go bhfuil fórsaí na Rúise ag iarraidh treabhadh leo isteach san Eoraip.

Tá an tUachtarán ag iarraidh ar tíortha an Iarthair tuilleadh smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar an Rúis. Tá súil le scéala faoi seo ó Aontas na hEorpa faoi deireadh na seachtaine.

Tá an Úcráin ag impí ar an Rúis, gnáthdaoine atá i gcruachás a ligean amach as Cathair Mariupol, atá go mór faoi léigear, agus cúnaimh daonnúil a ligean isteach. Deir oifigigh na cathrach nach bhfuil beatha, leigheas, cumhacht ná uisce reatha inti.

Ní hamháin go bhfuil an trodaíocht ag leanacht i Mariupol ach tá sé amhlaidh in Kharkiv. Tá Odessa faoi ionsaí ón farraige ag Cabhlach na Rúise chomh maith. Ach in ainneoin n-ionsaithe leanúnacha ar an Úcráin, deir Uachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden, go bhfuil Vladimir Putin faoi brú ollmhór mar gheall ar seasmhacht lucht míleata na hÚcráine. Agus, ó tharla freisin go bhfuil tíortha an Iarthair aontaithe faoina bhfuil ag titim amach.

#### Ceist 5

‘...airm cheimiceacha...’

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal ‘ceimiceacha’ thuas?

Cuir na hainmfhocail agus na haidiachtaí seo thíos san iolra anois. Féach an sampla:

abairt fhada:

abairtí fada

focal mór:

\_\_\_\_\_

gluaisteán dearg:

\_\_\_\_\_

comhrá suimiúil:

\_\_\_\_\_

fear deas:

\_\_\_\_\_

tír shaibhir:

\_\_\_\_\_

bláth buí:

\_\_\_\_\_

ceist dheacair:

\_\_\_\_\_

bord bán:

\_\_\_\_\_

**Ceist 6**

Samhlaigh gur ateangaire tú. Conas a d'aistreofá an abairt seo a bhí ag António Guterres:

*Continuing the war in Ukraine is morally unacceptable, politically indefensible and militarily nonsensical.*

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Iarr ar gach beirt an cheist a phlé le chéile. Pléigh an topaic leis an rang iomlán sula seinnfear an mhír.

### Ceist 2

The President of the United States:	<i>Uachtarán na Stát Aontaithe</i>
chemical weapons:	<i>airm cheimiceacha</i>
fierce invasion:	<i>ionradh fíochmhar</i>
MPs:	<i>Feisirí</i>
sanctions:	<i>smachtbhannaí</i>
ordinary people:	<i>gnáthdhaoine</i>
under siege:	<i>faoi léigear</i>
humanitarian aid:	<i>cúnamh daonnúil</i>
food:	<i>beatha</i>
The Russian Navy:	<i>Cabhlach na Rúise</i>
steadfastness:	<i>seasmhacht</i>

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

Tá sé beagnach mí ó thosaigh ionradh fíochmhar na Rúise ar an Úcráin. Agus é ag labhairt le Feisirí i bParlaimint na hIodáile, dúirt Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelensky, gur gearr go dtiocfaidh an Úcráin as an gcogadh. Ach, thug sé foláireamh freisin go bhfuil fórsaí na Rúise ag iarraidh treabhadh leo isteach san Eoraip.

Tá an tUachtarán ag iarraidh ar thíortha an Iarthair tuilleadh smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar an Rúis. Tá súil le scéala faoi seo ó Aontas na hEorpa faoi dheireadh na seachtaine.

Tá an Úcráin ag impí ar an Rúis, gnáthdhaoine atá i gcruachás a ligean amach as Cathair Mariupol, atá go mór faoi léigear, agus cúnamh daonnúil a ligean isteach. Deir oifigigh na cathrach nach bhfuil beatha, leigheas, cumhacht ná uisce reatha inti.

Ní hamháin go bhfuil an trodaíocht ag leanacht i Mariupol ach tá sé amhlaidh in Kharkiv. Tá Odessa faoi ionsaí ón bhfarráige ag Cabhlach na Rúise chomh maith. Ach in ainneoin n-ionsaithe leanúnacha ar an Úcráin, deir Uachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden, go bhfuil Vladimir Putin faoi bhrú ollmhór mar gheall ar sheasmhacht lucht míleata na hÚcráine. Agus, ó tharla freisin go bhfuil tíortha an Iarthair aontaithe faoina bhfuil ag titim amach.

### Ceist 5

Cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal san iolra agus a chríochnaíonn le consan caol.

focal mór:	<i>focail mhóra</i>
gluaisteán dearg:	<i>gluaisteáin dhearga</i>
comhrá suimiúil:	<i>comhráite suimiúla</i>
fear deas:	<i>fir dheasa</i>
tír shaibhir:	<i>tíortha saibhre</i>
bláth buí:	<i>bláthanna buí</i>
ceist dheacair:	<i>ceisteanna deacra</i>
bord bán:	<i>boird bhána</i>

**Ceist 6**

Aistriúchán samplach:

*Continuing the war in Ukraine is morally unacceptable, politically indefensible and militarily nonsensical.*

Níl sé inghlactha ó thaobh na moráltachta de, ná inchosanta ó thaobh na polaitíochta de, ná ciallmhar ó thaobh comhrac míleata de, leanúint ar aghaidh leis an gcogadh san Úcráin.

### **Eimear Ní Chonaola**

Tá se ráite ag Uachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden, go bhfuil Vladimir Putin na Rúise ag pleanáil airm cheimiceacha a úsáid san Úcráin. Tá an trodaíocht ag leanacht<sup>1</sup> arís inniu in go leor cathracha san Úcráin, Mariupol ina measc.

### **Áine Lally**

Tá sé beagnach mí ó thosaigh ionradh fíochmhar na Rúise ar an Úcráin. Agus é ag labhairt le Feisirí i bParlaimint na hIodáile, dúirt Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelensky, gur gearr go dtiocfaidh an Úcráin as an gcogadh. Ach, thug sé foláireamh freisin go bhfuil fórsaí na Rúise ag iarraidh treabhadh leo isteach san Eoraip.

Tá an tUachtarán ag iarraidh ar thíortha an Iarthair tuilleadh smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar an Rúis. Tá súil le scéala faoi seo ó Aontas na hEorpa<sup>2</sup> faoi dheireadh na seachtaine.

Tá an Úcráin ag impí ar an Rúis, gnáthdhaoine atá i gcruachás a ligean amach as Cathair Mariupol, atá go mór faoi léigear, agus cúnaimh daonnúil a ligean isteach. Deir oifigigh na cathrach nach bhfuil beatha, leigheas, cumhacht ná uisce reatha inti.

Ní hamháin go bhfuil an trodaíocht ag leanacht i Mariupol ach tá sé amhlaidh in Kharkiv. Tá Odessa faoi ionsaí ón bhfarraige ag Cabhlach na Rúise chomh maith. Ach in ainneoin na n-ionsaithe leanúnacha ar an Úcráin, deir Uachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden, go bhfuil Vladimir Putin faoi bhrú ollmhór mar gheall ar sheasmhacht lucht míleata na hÚcráine. Agus, ó tharla freisin go bhfuil tíortha an Iarthair aontaithe faoina bhfuil ag titim amach.

### **Joe Biden, Uachtarán na Stát Aontaithe**

*He's already used chemical weapons in the past and we should be careful about what's about to come.*

### **Áine Lally**

Tá imní anois ann go bhféadfadh Putin airm cheimiceacha nó bhitheolaíoch a úsáid san Úcráin, a dúradh. Inniu, dúirt Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres, go bhfuil sé in am ag an Rúis deireadh a chur leis an gcogadh san Úcráin, mar nach bhfuil ciall ar bith leis.

### **António Guterres, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe**

*Continuing the war in Ukraine is morally unacceptable, politically indefensible and militarily nonsensical.*

### **Áine Lally**

Áine Lally, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> leagan canúnach de 'leanúint'

<sup>2</sup> an tAontas Eorpach an leagan caighdeánach